CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 58/25

**Lucsamburg, 5 Bealtaine 2025**

Éisteacht na Cúirte Breithiúnais

# Gealltanas sollúnta Kaja Kallas, Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh

Ag éisteacht den Chúirt an 5 Bealtaine 2025, thug Kaja Kallas, Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, an gealltanas sollúnta dá bhforáiltear sna Conarthaí.

Cé nach ndéantar foráil shonrach sna Conarthaí maidir leis an gcaoi a dtabharfar an gealltanas sollúnta, leag an Coimisiún an-tábhacht i gcónaí ar an ngealltanas a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Is é seo a leanas an gealltanas sollúnta a thugann Comhaltaí an Choimisiúin:

'I ndiaidh dom a bheith ceaptha mar Chomhalta den Coimisiún Eorpach ag an gComhairle Eorpach, tar éis vóta toilithe ó Pharlaimint na hEorpa, geallaim go sollúnta:

go mbeidh meas agam ar na Conarthaí agus ar an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcomhlíonadh mo dhualgas go léir;

go ndéanfaidh mé mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh le neamhspleáchas iomlán, chun leas ginearálta an Aontais;

nach lorgóidh mé nó nach nglacfaidh mé le treoracha ó aon rialtas, institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht agus mo chúraimí á gcomhlíonadh agam;

go staonfaidh mé ó aon ghníomh nach luíonn le mo dhualgais nó le comhlíonadh mo chúraimí.

Tugaim faoi deara an oibleagáid a leagtar síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, trína ngeallann gach Ballstát go n-urramóidh siad an prionsabal sin agus nach ndéanfaidh siad iarracht tionchar a imirt ar chomhaltaí an Choimisiúin i bhfeidhmiú a gcuid dualgas.

Geallaim freisin go n-urramóidh mé, le linn agus tar éis mo théarma oifige, na hoibleagáidí a eascraíonn as sin, go háirithe an dualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis dom éirí as oifig.'

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá pictiúir den éisteacht ar fáil ar shuíomh gréasáin CVRIA.

**Iarscríbhinn**

**Aitheasc an Uachtaráin Koen Lenaerts**

A Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

A dhaoine uaisle,

Agus an éisteacht seo á hoscailt agam, thar ceann na Cúirte cuirim an-fáilte romhaibh anseo.

Tabharfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, Kaja Kallas, nach raibh in ann freastal ar an éisteacht shollúnta an 27 Eanáir inar thug Uachtarán an Choimisiún agus Comhaltaí an Choimisiúin a chuaigh i mbun oifige an 1 Nollaig 2024, an gealltanas, gealltanas sollúnta os comhair na Cúirte inniu.

Foráiltear don ghealltanas sollúnta seo in Airteagal 245 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus is nós é le fada go dtugtar an gealltanas os comhar na Cúirte. Tá an dé-shiombalachas ag baint leis an gcleachtadh seo. Léirítear leis an meas ar an dlí atá mar shainghné den Aontas Eorpach agus dá Institiúidí, an Coimisiún ina measc. Sonraítear leis freisin an tábhacht a bhaineann le misin an Choimisiúin, a iarrtar air a dhéanamh, ar mhaithe le leas ginearálta an Aontais, sna Conarthaí.

Sula n-iarrfar ort an gealltanas sollúnta i ndáil le tús a chur le do phost a thabhairt, lig dom comhthéacs na hócáide inniu a chur in iúl daoibh go tapa.

Le cinneadh an 24 Iúil 2024, cheap an Chomhairle Eorpach thú, Kaja Kallas, i bpost Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

An 27 Samhain 2024, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú chun comhaltaí an Choimisiúin nua a cheapadh mar chomhlacht.

Leis an gcinneadh ón gComhairle Eorpach an 28 Samhain 2024 lena gceaptar an Coimisiún Eorpach, a léadh san éisteacht shollúnta an 27 Eanáir 2025, réitíodh an bealach don Choimisiún sin a chumhachtaí faoi na Conarthaí a fheidhmiú don tréimhse ón 1 Nollaig 2024 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2029.

Bunaíodh post Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála le Conradh Liospóin i mí na Nollag 2007. Ó shin i leith, is tusa, Kaja Kallas, an ceathrú duine a ghlac leis an ról seo, ar a dtugtar 'Aire Gnóthaí Eachtracha an Aontais Eorpaigh' go minic.

Is léir an tábhacht ar leith a bhaineann le do chuid cúraimí ó fhoclaíocht an Chonartha ar an Aontas Eorpach.

Luaitear in Airteagal 18 go seolfaidh' an tArdionadaí comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, trí rannchuidiú, trína thograí, le forbairt an bheartais sin agus trína chur chun feidhme mar ionadaí ar an gComhairle. Is amhlaidh atá maidir leis an gcomhbheartas cosanta.

Foráiltear le hAirteagal 18 freisin go ndéanfaidh an tArdionadaí cathaoirleacht ar an gComhairle Gnóthaí Eachtracha agus go mbeidh sé nó sí ar dhuine de Leas-Uachtaráin an Choimisiúin. Sa dá cháil sin, áiritheoidh sé comhchuibheas ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus glacfaidh sé air féin, laistigh den Choimisiún, freagrachtaí an Choimisiúin i réimse an chaidrimh sheachtraigh agus i gcomhordú gnéithe eile de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

Le hAirteagal 27 den Chonradh ar an Aontas Eorpach sanntar freisin don Ardionadaí, le cúnamh ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, stiúradh idirphlé pholaitiúil, thar ceann an Aontais, le tríú páirtithe agus cuirtear

de chúram air seasamh an Aontais a chur in iúl in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus i gcomhdhálacha idirnáisiúnta.

I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, go háirithe ó thosaigh an cogadh san Úcráin i mí Feabhra 2022, ní gá béim a leagan ar a ríthábhachtaí atá sé don Aontas Eorpach a chomhbheartas cosanta a neartú agus teachtaireachtaí agus gníomhaíochtaí na taidhleoireachta Eorpaí a chur in iúl ar an leibhéal idirnáisiúnta trína Ardionadaí.

Tá muinín againn, a Uasal Kallas, go bhfuil tú in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra atá os comhair an Aontais Eorpaigh faoi láthair sa timpeallacht dheacair dhomhanda seo. Iar-dhlíodóir, Feisire de Pharlaimint na hEorpa ó 2014 go 2018, Príomh-Aire na hEastóine ó 2021 go dtí go ndeachaigh tú i mbun oifige sa Choimisiún Eorpach, le linn na gcéimeanna éagsúla sin de do ghairmréim, leag tú béim ar do cháilíochtaí pearsanta agus gairmiúla chomh maith le do chumas ardfhreagrachtaí polaitiúla a ghlacadh.

Thar ceann na Cúirte agus a comhaltaí, tréaslaím go mór leat agus cuirim in iúl gur mian liom go n-éireoidh le bhur n-iarrachtaí domhan níos socair a athbhunú tráth nach bhfuil gá leis an tsíocháin a thuilleadh, fiú ar mhór-roinn na hEorpa, mar éacht buanseasmhach.